

SEÁN NA SGUAB

Bhí beirt fhear i Luimneach agus bhí chaon fhear aca ag iarraidh bheith ina Lord Mayor. Nuair a caitheadh na votaí bhí an oiread céadna ag chaon duine aca. Bhí fear breitheamhnasach annsin ann adubhairt nár cheart ceachtar aca a chur isteach nuair nach bhfuair fear aca buachtáil ar an bhfear eile.

"An nglacfaidh sibh mo bhreitheamhnas anois?" Adeir sé le muinntir Luimnighe.

"Glacfaidh," adeir chuile dhuine aca. Ná bacaidh leis an mbeirt fhear seo níos mó, adeir sé, ach bígí ag aireachas ar dhroichead Luimnigh agus an chéad fhear a thiocfas thar an droichead téigí roimhe, tugaí libh é agus déanaidh Lord Mayor dhe.

Bhí siad ag aireachas ar an droichead annsin agus is gearr go bhfaca siad é seo a'tigheacht agus ualach sguab aige, Seán na Sguab seo. Amach leobh faoi na dhéint, mathshluaigh mór aca, chuireadar na sguaba san aer, chrochadar leob é. Thugadar isteach i rópa é gus cheannuigheadar culaidh éadaigh dhó. Cheannuigheadar watch dó agus chuile rud dár fheil dó go rinneadh duine uasal do ar an bpointe boise, agus rinneadar Lord Mayor dó.

Bhí bean aige, Máire, nuair a chuala sí go raibh sé ina Lord Mayor tháinig sí chó fada leis.

"M'anam, a Sheáin nach n-aithnighim thú" adeir sí.

"Tá fhios ag mo chroidhe, a Mháire nach iongantas liom dhuit" adeir sé, "nach n-aithnighim féin mé féin." Ní tháinig sé ariamh roimhe ná ina dhiaidh aon fhear ab fhearr a rinne a ghroithe ná Seán na Sguab

4-1 1933.